Conspóid eile cánach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gconspóid is déanaí maidir leis an gcáin mhaoine. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

Cé hé an tAire Airgeadais agus cad a dhéanann sé, dar leat?
Cad a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim, dar leat?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den chéad uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin, cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. Chairperson _____
2. controversy _____
3. local property tax _____
4. uncertainty _____
5. criticised _____
6. financial committee _____
7. claims _____
8. elderly people _____
9. it worries me a lot _____
10. consumers' trust _____
11. collection campaign _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís (nó faoi dhó más gá) agus scríobh amach cúpla líne faoi ábhar na míre.

Ceist 4 '…a phlé...'

An féidir leat an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní a scríobh chun na habairtí seo a chríochnú?

1. Bíonn ar dhaltaí obair bhaile a _____ tar éis na scoile. (déan)

2. Tá Máire agus Seán chun teach a _____ faoin tuath. (tóg)

3. Caithfidh mé bronntanas a _____ do Shiobhán mar tá lá breithe aici amárach. (ceannaigh)

4. An bhféadfá an fhuinneog a _____ le do thoil? Tá an seomra an-te. (oscail)

5. De ghnáth, fanann Déaglán sa bhaile maidin Dé Sathairn chun an teach a _____. (glan)

6. Tá Bríd chun an gúna nua a _____ chuig an gcóisir Dé hAoine. (caith)

Ceist 5 '…ag an Aire…'

A. Is é an tuiseal tabharthach atá i gceist sa sampla thuas. Is é sin, nuair a thagann réamhfhocal, nó réamhfhocal agus an t-alt roimh ainmfhocal. Éist leis an mír arís agus cuir cibé athrú is gá i bhfeidhm ar an ainmfhocal atá idir lúibíní san samplaí eile thíos:

-ag an (Aire): _____
-leis an (cáin): _____
-leis an (córas): _____
-ar an (litir): _____
-ar an (idirlíon): _____
-faoin (idirlíon): _____
-i (ceart): _____
-ag an (rialtas): _____
-leis an (feachtas): _____

B. Déan cur síos anois, leis an duine in aice leat, ar (i) na nithe a thug sibh faoi deara agus (ii) na hathruithe a chuir sibh i bhfeidhm.

C. Cén chanúint atá agat féin? An bhfuil na rialacha sin amhlaidh i ngach canúint?

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Cén fáth a n-íoctar cáin?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. Chairperson	*Cathaoirleach*
2. controversy	*conspóid*
3. local property tax	*cáin mhaoine áitiúil*
4. uncertainty	*éiginnteacht*
5. (was) criticised	*cáinte*
6. financial committee	*coiste airgeadais*
7. claims	*maíonn*
8. elderly people	*daoine aosta*
9. it worries me a lot	*cuireann sé imní an-mhór orm*
10. consumers' trust	*muinín na dtomhaltóirí*
11. collection campaign	*feachtas bailiúcháin*

Ceist 3
Tabhair deis don rang cúpla líne a scríobh, ag déanamh cur síos ar an mír.

Ceist 4
1. Bíonn ar dhaltaí obair bhaile a **dhéanamh** tar éis na scoile.

2. Tá Máire agus Seán chun teach a **thógáil** faoin tuath.

3. Caithfidh mé bronntanas a **cheannach** do Shiobhán mar tá lá breithe aici amárach.

4. An bhféadfá an fhuinneog a **oscailt** le do thoil? Tá an seomra an-te.

5. De ghnáth, fanann Déaglán sa bhaile maidin Dé Sathairn chun an teach a **ghlanadh**.

6. Tá Bríd chun an gúna nua a **chaitheamh** chuig an gcóisir Dé hAoine.

Ceist 5

-ag an (Aire):	**ag an Aire**
-leis an (cáin):	**leis an gcáin**
-leis an (córas):	**leis an gcóras**
-ar an (litir):	**ar an litir**
-ar an (idirlíon):	**ar an idirlíon**
-faoin (idirlíon):	**faoin idirlíon**
-i (ceart):	**i gceart**
-ag an (rialtas):	**ag an rialtas**
-leis an (feachtas):	**leis an bhfeachtas**

- Cuirtear urú ar fhocail a thosaíonn le consan.
- Ní chuirtear aon ní ar fhocail a thosaíonn le guta.
- Bíonn urú tar éis 'i', má leanann consan é; agus athraíonn 'i' go dtí 'in' má leanann guta é.
- Cuirtear séimhiú ar fhocail a thosaíonn le consan i gcanúint Uladh.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo.

Eimear Ní Chonaola
Beidh cruinniú anocht ag an Aire Airgeadais, Michael Noonan, le Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim, chun an chonspóid maidir leis an gcáin mhaoine áitiúil a phlé. Tá an éiginnteacht faoi cén uair a chaithfear cáin na bliana seo chugainn a íoc cáinte ag lucht gnó agus ag polaiteoirí.

Grett O'Connor
Deir an Teachta, Ciarán Lynch, go mbeidh ionadaí ó na Coimisinéirí Ioncaim á thabhairt os comhair choiste airgeadais an Oireachtais aige chun ceisteanna a fhreagairt maidir leis an gcóras conspóideach bailiúcháin. Maíonn an rialtas nach bhfuil sé de dhíth ar éinne an cháin a íoc i mbliana don bhliain seo chugainn. Ach, deir an tAire, Joan Burton, go gcaithfear na roghanna atá ar fail a chur in iúl níos soiléire. Is léir go bhfuil easpa soiléireachta i gceist.

A Dhiarmuid, a bhféachfaidh ar an litir sin dom, féachaint an dtuigeann tú é?

Diarmuid Mac Cárthaigh
Fuaireas an litir sin sa bhaile freisin agus ní thuigim é. Tá sé fíordheacair é a thuiscint agus murar féidir liomsa é a thuiscint cad mar gheall ar na daoine aosta atá ina gcónaí leo féin? Ní féidir leo é a thuiscint.

Tomás Breathnach
Cuireann an rud seo imní an-mhór orm, toisc nach bhfuil taithí …tá taithí agam ach ní *expert* atá ionaim ar an idirlíon ach an imní mhór[1] atá ormsa[2] faoin idirlíon ná go bhfuil rud déanta agam ach an bhfuil sé déanta i gceart agam?

Grett O'Connor
Deir eagraíocht na siopadóirí *Retail Excellence Ireland* go ndéanfaidh na litreacha seo an-dochar go deo don méid airgid a chaithfear sa tír ag teacht suas i dtreo na Nollag. Deir siad go bhfuil an t-uafás oibre déanta ag an rialtas ag iarraidh muinín na dtomhaltóirí a mhúscailt. Anois, leis an bhfeachtas bailiúcháin is déanaí, deir siad go loitfear séasúr luachmhar na Nollag ar shiopaí, ar bhialanna agus ar thithe tábhairne.

Grett O Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *mór* a deirtear
[2] *agamsa* a deirtear